



Ollscoil na hÉireann  
National University of Ireland

I gCroílár

OÉ

Tuarascáil Thríbhliantúil 2018-2020

## NA COMH-OLLSCOILEANNA OLLSCOIL NA HÉIREANN



**An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**  
University College Dublin  
[www.ucd.ie](http://www.ucd.ie)



**Coláiste na hOllscoile, Corcaigh**  
University College Cork  
[www.ucc.ie](http://www.ucc.ie)

*\* lena n-áirítear Institiúid Bainistíochta na hÉireann*



## COLÁISTÍ AITHEANTA OLLSCOIL NA HÉIREANN RECOGNISED COLLEGES OF NUI



**RCSI**

**Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn**  
Royal College of Surgeons  
in Ireland  
[www.rcsi.ie](http://www.rcsi.ie)



**An Foras Riaracháin**  
Institute of  
Public Administration  
[www.ipa.ie](http://www.ipa.ie)





**Ollscoil Mhá Nuad**  
 Maynooth University  
[www.maynoothuniversity.ie](http://www.maynoothuniversity.ie)



**Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**  
 NUI Galway\*  
[www.nuigalway.ie](http://www.nuigalway.ie)

*\* lena n-áirítear Coláiste Ósta na Sionnainne*



**COLLEGES LINKED WITH CONSTITUENT UNIVERSITIES**  
 COLÁISTÍ CEANGAILTE LEIS NA COMH-OLLSCOILEANNA



**Coláiste Ealaíne na Boirne**  
 Burren College of Art  
[www.burrencollege.ie](http://www.burrencollege.ie)



**An Institiúid Baincéireachta**  
 Institute of Banking  
[www.iob.ie](http://www.iob.ie)



**Coláiste San Aingeal, Sligeach**  
 St. Angela's College, Sligo  
[www.stangelas.nuigalway.ie](http://www.stangelas.nuigalway.ie)



**Coláiste Náisúinta Ealaíne is Deartha**  
 National College of Art and Design  
[www.ncad.ie](http://www.ncad.ie)





# Ráitis Oscailte



Bunaíodh Ollscoil na hÉireann sa bhliain 1908 mar ollscoil amháin le coláistí, anois tá sí forbartha ina cónaidhm scaoilte, le campais scaipthe ar fud na tíre. Sa chónaidhm

tá ceothre chomh-ollscoil neamhspleách, dhá choláiste aitheanta de chuid OÉ agus roinnt institiúidí speisialta eile a bhaineann leis an comh-ollscoileanna. Tógtha ina iomláine, is gné thábhachtach é OÉ i gcóras ollscoile na hÉireann atá ag leathnú. Níos mó agus níos mó, tá rochtain idirnáisiúnta ag an Ollscoil, de réir mar a leathnaíonn ár bball-institiúidí a ngníomhaíochtaí thar lear.

Laistigh na cónaidhme, óna oifigí i gCearnóg Mhuirfean, cuireann OÉ raon de sheirbhísí ar fáil dár n-institiúidí agus feidhmíonn mar phointe fócais dá n-idirghníomhaíocht. Táimid tiomanta don taighde agus scoláireacht a chur chun cinn ar na leibhéil is airde thar raon iomlán na ndisciplíní a ndéantar staidéar orthu inár n-ollscoileanna agus coláistí. Mar fhoras cáiliúcháin ainmnithe, dearbhaímid caighdeán arda acadúla in-chomparáide do chéimeanna agus cáilíochtaí a bhronnann OÉ. Níos ginearálta, tugaimid go bródúil faoi ghníomhaíochtaí chun an t-ardoideachas a chur chun cinn, agus chun cur le saol sibhialta, cultúrtha agus intleachtúil na hÉireann. Tá tiomantas ar leith againn do thacú leis an nGaeilge agus le cultúr saibhir agus ilchineálach ár náisiúin.

Sa bhliain 2018, leag OÉ amach plean straitéiseach nua don tréimhse 2018-22, i ndiaidh tréimhse de chomhairliúcháin leathan lenár ngeallsealbhoirí: ball-institiúidí, comhaltaí de Sheanad OÉ, an fhoireann inmheánach agus daoine eile ó earnáil ardoideachais na hÉireann. Sa straitéis nua leagtar amach cuspóirí uailmhianacha chun cur lenár misean, ag cur ar chumas OÉ tabhairt faoi ról dioscúrsach níos infheicthe, ní hamháin ag tacú leis an ardoideachas ach freisin chun leasa na sochaí i gcoitinne agus leas an phobail a chur chun cinn. Agus muid ar an eolas faoina teorainneacha atá orainn mar eagraíocht bheag, tá a fhios againn gur féidir linn taisteal níos faide chun na cuspóirí sin a bhaint amach nuair a dhéanaimid comhoibriú lenár mball-institiúidí agus le comhlachtaí eile in Éirinn agus níos faide i gcéin. San eagrán seo de I gCroílár OÉ léirítear a bhfuil bainte amach againn leathbhealach tríd an bplean.

Chomh maith le bheith i mo chathaoirleach ar Sheanad OÉ, an Coiste Oideachais agus Sochaí agus Coiste na gCéimeanna Oinigh, bhí mé mar ionadaí ag OÉ ag neart ócáidí, mar óstach ag ócáidí OÉ agus mar rannpháirtí i searmanais bronnta agus searmanais bronnta oinigh in Éirinn agus thar lear mar Sheansailéir na hOllscoile. Bhí bród ar leith orm bheith i mo chathaoirleach ar an gcéad Léacht de hÍde OÉ in 2018 in ónóir do chéad Uachtarán na hÉireann Dubhglas de hÍde, a bhí ina chomhalta de Sheanad OÉ agus ina Ollamh le Gaeilge in COBÁC. Ba mhór an onóir dúinn nuair a thoiligh an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín an chéad léacht a thabhairt.

Leanamar ar aghaidh freisin lenár gclár do Dheich mBliana na gCuimhneachán, agus d'eagraíomar roinnt ócáidí le linn na tréimhse. Mar chuid den chlár, tá tús curtha againn le raon uailmhianach d'fhoilseacháin a chuirfidh oidhreacht bhuan de na deich mbliana ar fáil. Bhí áthas orainn dul i gcomhar leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus leis an We were pleased to collaborate with the Department of Business, Enterprise agus Innovation agus leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) chun mór-chomhdháil a eagrú mar cheiliúradh ar chomóradh an chéid den EIS.

Nuair a tharla an phaindeim COVID-19, bhí orainn dul in oiriúint go tapa le domhan a bhí athraithe, bealaí nua a fhoghlaim le rudaí a dhéanamh, obair ó chian, teacht le chéile ar líne agus dul i dtaithí ar mhaireachtáil go fíorúil. D'éirigh linn an toghchán do Sheanad Éireann a chur i gcrích i Márta na bliana 2020, go sábháilte agus ag obair laistigh de na treoirlínte i dtaca leis an tsláinte phoiblí. Cuireadh isteach go mór ar ár gclár d'imeachtaí iarbhir agus bhí orainn roinnt rudaí a chur ar athló agus rudaí eile a chur ar líne. Bhí ár gcéad seimineár ar líne againn mar chuid den tSraith Seimineár Oideachais agus Sochaí agus bhí ár searmanas Gradam do 2020 ar líne freisin.

Ar an iomlán táimid sásta, d'ainneoin na gcúinsí dúshlánacha, go bhfuil dul chun cinn déanta againn le linn na tréimhse ó 2018 go 2020. San eagrán seo de I gCroílár OÉ aibhsítear a bhfuil bainte amach ag OÉ, agus ag an bhfoireann agus na mic léinn inár nball-institiúidí, sna blianta sin. Tá áthas orainn é a roinnt libh.

*Maurice Manning*

An Dr Muiris Ó Mainnín

SEANSAILÉIR NA HOLLSCOILE



Ollscoil na hÉireann  
National University of Ireland

CLÁR

Ráitis Oscailte	1
Tuairisc an Chláraitheora	2
Seirbhísí do Mhic Léinn agus Céimithe	3
Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta	4
Ard-Dochtúireachtaí agus Céimeanna Oinigh	5
Gradaim agus Scoláireachtaí	6
Seanad Éireann	9
Ócáidí	10
Foilseacháin	12
Deich mBliana na gCuimhneachán	14
Comóradh Céad Bliain EIL (ILO)	15
Fíricí agus Figiúirí	16
49 Cearnóg Mhuirfean	18
Stair OÉ	19
Rialachas agus Airgeadas	20

# Tuairisc an Chláraitheora



Mar a thugann an teideal le tuiscint, tugtar cur síos i *I gCroílár OÉ* ar raon na ngníomhaíochtaí agus na dtograí a rinne OÉ ónar mbaile i 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath. Mar eagraíocht, táimid tiomanta don ardoideachas chur chun cinn, freastal ar ár mball-institiúidí agus tacaíocht a thabhairt dá mic léinn, céimithe agus foireann. Tá áthas orainn an cur síos téacsúil agus físe a chur i láthair chun ár gcuid oibre a léiriú agus chun ár gcion d'aroidheachas na hÉireann a chur in iúl.

I mí na Samhna 2018, sheol OÉ a phlean straitéiseach do 2018-2022. Leagadh amach ann na cúig sprioc straitéiseacha seo a leanas don eagraíocht le linn na tréimhse:

luach soiléir a chur le comh-ollscoileanna, coláistí aitheanta agus institiúidí gaolmhara OÉ

tacú le hardoideachas na hÉireann agus tacú lena chur chun cinn sa bhaile agus thar lear

branda OÉ a fhorbairt agus a úsáid go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chun tairbhe na mball agus na hearnála i gcoitinne

cion fiúntach a dhéanamh do shochoaí shibhialta na hÉireann

feabhas a chur ar bhonn scileanna foireann OÉ agus ar a struchtúir tacaíochta cumasaithe.

Ag tabhairt cur síos ar an dul chun cinn atá déanta chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach i ngach ceann de na trí bliana a chuimsítear, san eagrán seo de *I gCroílár OÉ* tógtar sinn chuig an lárphointe i gcur i bhfeidhm an phlean.

I *I gCroílár OÉ* freisin tugtar sonraí faoi chomhaltáí Sheanad OÉ, atá mar bhord rialaithe againn agus áirítear buneolas eile faoi struchtúr agus rialachas na hOllscoile. Le gach eagrán nua tugtar eolas nuashonraithe faoinár scéimeanna agus cláir agus faoi na himeachtaí poiblí atá eagraithe againn, i gcomhar le heagraíochtaí eile i gcásanna áirithe. Seo ár gcuireadh duit a fháil amach faoi OÉ agus cad is mian linn a bhaint amach. Tá súil againn go mbeidh sé spéisiúil duit.

An Dr Attracta Ní Ailpín  
CLÁRAITHEOIR

## SONRAÍ TEAGMHÁLA

Ollscoil na hÉireann, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, D02 V583, Éire

UAIREANTA OSCAILTE OIFIGE 9:15am-5pm, Luan-Aoine (ach amháin Laethanta Saoire Ollscoile, Poiblí agus Bainc)

TEIL +353 (1) 439 24 24

MEÁIN SHÓISIALTA National University of Ireland @NUI MerrionSq

[www.nui.ie](http://www.nui.ie)

# Seirbhísí do Mhic Léinn agus Céimithe



## Riachtanais Máithreánaigh agus Díolúintí

Tá freagracht reachtúil ag Seanad OÉ as bunriachtanais máithreánaigh (iontrála) a leagan

síos d'ollscoileanna OÉ; riarann OÉ iad seo i gcomhairle leis na comhollscoileanna agus na coláistí aitheanta. Leis an méadú ar ilchineálacht, soghluaiseacht agus idirnáisiúnú ar na mic léinn a thagann isteach inár n-institiúidí cuirtear leibhéal nua de chastacht leis an bpróiseas máithreánaigh. Agus caighdeán máithreánaigh á gcoimeád, iarrtar ar OÉ agus a bhall-institiúidí breithniú a dhéanamh ar níos mó agus níos mó cáilíochtaí éagsúla agus meascáin de cháilíochtaí agus cúinsí casta oideachais ag mic léinn atá ag lorg iontrála. Más rud é go bhfuil mic léinn incháilithe ar dhíolúintí ó riachtanais máithreánaigh nó go bhfuil breithiúnas ar leith de dhíth orthu i dtaca le cáilíochtaí a baineadh amach roimhe sin a chur le chéile, déanann OÉ caidreamh le scoláirí, tuismitheoirí, treoirchomhairleoirí agus scoileanna, ag soláthar eolais agus tacaíochta tríd an bpróiseas iarratais díolúine. Idir 2018-2020, rinne OÉ próiseáil ar bheagán os coinn 3,000 iarratas in aghaidh na bliana i dtaca le díolúintí agus breithiúnas ar chúinsí eisceachtúla.

- ▶ 2018: 3,119
- ▶ 2019: 3,210
- ▶ 2020: 3,113

Faigh tuilleadh eolais faoi riachtanais máithreánaigh ag [www.nui.ie/college](http://www.nui.ie/college).

## Searmanais Bronnta

Táirgeann OÉ páir agus teastais do na searmanais bronnta uile i gcomhollscoileanna, coláistí aitheanta agus coláistí gaolmhara de chuid OÉ.

- ▶ Sa bhliain 2018, chuir OÉ **39,068** pár agus teastas i gcló, le dáileadh ag **211** searmanas bronnta a eagraíodh thar phobal na hOllscoile.
- ▶ Sa bhliain 2019, chuir OÉ **43,369** pár agus teastas i gcló do **277** searmanas bronnta.
- ▶ Sa bhliain 2020, chuir OÉ **36,624** pár agus teastas i gcló, cé gur cuireadh searmanais bronnta ar athrló nó gur réachtáladh iad go fíorúil.

Sna blianta 2018 agus 2019, d'áirigh na searmanais sin searmanais bronnta a eagraíodh thar lear, i Singeapór, Hong Cong, Bairéin, an Mhalaeisia, an Spáinn, an tSín, agus Srí Lanca, agus tíortha eile. Cruthaíonn Aonad Bronnta OÉ páir shaincheaptha i dtaca le bronnadh comhchéimeanna agus do chéimeanna bunaithe ar chomhaontuithe comhpháirtíochta in Éirinn agus thar lear.

Cúl C-D: an Dr Molling Ryan, an Dr Denis O'Brien; Middle C-D: an Dr Michael Mulreany, an Dr Marian O'Sullivan, Mr Ray Dolan, an Dr Lucy Fallon-Byrne, an Dr Christopher Sibley; Tosaigh C-D: Mr Martin O'Halloran, an Dr Attracta Ní Ailpín, Mr Brendan White (IPA Professional Certificate in Housing Studies Prize), an Dr Muiris Ó Mainnín, Mr Laurence Bond, Mr Aidan Horan at the 2019 IPA conferring ceremony.



## Seirbhísí Cáipéisí do Chéimithe

Céimeanna agus cáilíochtaí de chuid Ollscoil na hÉireann is ea na céimeanna agus na cáilíochtaí a bhronnann Comh-Ollscoileanna agus i gColáistí Aitheanta OÉ. Chomh maith leis na buntéistiméireachtaí agus teastais uile a sholáthar d'institiúidí OÉ, cuireann OÉ na seirbhísí cáipéisí seo a leanas ar fáil freisin do chéimithe:

- ▶ Cóipeanna de Chéimeanna agus Dioplómaí OÉ (eisiithe mar cháipéisí Béarla de thomhas A4)
- ▶ Cóipeanna de Theistiméireachtaí (eisiithe mar cháipéisí Laidine de thomhas A3)
- ▶ Cóipeanna de Theastais
- ▶ Fíorú de chóipeanna de cháipéisí OÉ

Bhí líon na n-iarratas ar sheirbhísí cáipéisí in 2018 agus 2019 mar an gcéanna, geall leis: 4,889 agus 4,827, faoi seach. Bhí líon na n-iarratas beagán níos ísle in 2020: 4,127.

Tá foirmeacha iarratais do na seirbhísí seo ar fáil ar shuíomh gréasáin OÉ: [www.nui.ie/services](http://www.nui.ie/services).

# Cáilíochtaí agus Déarbhú Cáilíochta

Tugtar cumhacht do OÉ faoina chairt céimeanna agus cáilíochtaí eile a bhronnadh ina choláistí aitheanta. Cuireadh treise eile leis an ról seo in 2012 nuair a ainmníodh OÉ mar Chomhlacht Dámhachtana Ainmnithe (DAB) faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta 2012.

Ina ról mar chomhlacht dámhachtana, agus le treoir ó pholaisaithe agus nósanna imeachta acadúla informed ár gcomh-ollscoileanna, tá tacar de pholaisaithe, nósanna imeachta agus treoirlínte forbartha ag OÉ chun cáilíocht na gcáilíochtaí a bhronnann sé a dhearbhú. Bíimid páirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí earnála do dheabhú cáilíochta agus feabhsúchán a thacaíonn lenár gcoláistí aitheanta.

Tá cáipéisí uile OÉ maidir le polasáí acadúil agus dearbhú cáilíochta ar fáil go poiblí ónár suíomh gréasáin: <http://www.nui.ie/about/gvrnce.asp>.

## An Foras Riaracháin

Sa tréimhse 2018-2020, bhí áthas ar OÉ fáilte ar ais a chur roimh an bhForas Riaracháin (IPA) mar choláiste aitheanta agus 'soláthraí nasctha' de chuid na hOllscoile. Is é IPA príomhsholáthraí oideachais agus oiliúna na hÉireann don tseirbhís phoiblí, agus cuireann sé raon leathan de chúrsaí céime, diplóma agus teastais creidiúnaithe ag OÉ ar fáil atá curtha ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ). Agus a pholasaithe dearbhaithe cáilíochta á gcur i bhfeidhm aige, oibríonn OÉ i ndlúthchomhar le IPA chun faomhadh agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar chlár d'fhonn ardchaighdeán acadúla, an timpeallacht foghlama is fearr is féidir agus an t-espéireas mic léinn is fearr a chinntiú.

## Scrúdaitheoirí Seachtracha


Tá Seanad OÉ freagrach as scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh do na comh-ollscoileanna, ar mholadh ó na comh-ollscoileanna, agus as feidhmeanna na scrúdaitheoirí sin a chinneadh, i gcomhaontú leis na hollscoileanna. Lean an Seanad den ról seo a líonadh in 2018, 2019 agus 2020. Cé go bhfuil riar na gceapachán de scrúdaitheoirí seachtracha cineachta do na comh-ollscoileanna, cuirtear tuairiscí na scrúdaitheoirí seachtracha ar aghaidh chuig OÉ. Cuirtear tuairiscí arleibhéil orthu seo faoi bhráid an tSeanaid agus scaiptear iad ina dhiaidh sin ar Chomhairlí Acadúla ag léiriú saincheisteanna coitianta ag teacht chun cinn le linn na scrúduithe ar fud na n-institiúidí. Rinne OÉ riar iomlán ar chóras na scrúdaitheoirí seachtracha do Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn agus don IPA le linn na tréimhse seo.

## Cáilíochtaí OÉ 2015-2019

Le linn na tréimhse cúig bliana 2015-2019, mhéadaigh líon na gcáilíochtaí OÉ ar an iomlán faoi bheagán os cionn 11%. Cé nach raibh an t-ardú scaipthe go cothrom, tharla an t-ardú i ngach catagóir de ghradam.

D'fhan líon na dteastais a bronnadh idir 2015 agus 2019 seasta, le hardú 1.5% den chuid ba mhó i gcatagóir na dteastais gairmiúil. Mhéadaigh líon na gcéimithe Baitsiléara faoi 7%. Mhéadaigh líon na gcéimithe dochtúireachta (ard-dochtúireachtaí san áireamh) freisin, faoi 6%.

Bhí na harduithe is mó sna diplómaí agus céimeanna máistreachta. Mhéadaigh líon na ndiplómaí a brinnadh go suntasach (faoi 15%) ó 2015-2019, le hardú ollmhór i gcatagóir na ndiplómaí gairmiúla (ardú 24%). Bhí an t-ardú is mó (30%) i gcéimeanna máistreachta. Níor bronnadh máistreachtaí gairmiúla ar bith in 2015 ach bronnadh 572 in 2019.







An Dr Pádraig Yeates leis an Dr Muiris Ó Mainnín



An tOll Santiago Sia, An tOll Micheal O'Flaherty, an tOll Philip Nolan agus an Dr Attracta Ní Ailpín

## Céimeanna Ard-Dochtúireachta ar Shaothair Fhoilsithe

Is iad céimeanna ar shaothar foilsithe na cáilíochtaí is airde a bhronnann an Ollscoil. Bronntar iad ar scoláirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu as saothar foilsithe a mheastar a bheith ar an ord scoláireachta is airde, agus a chuir eolas nua le réimse sainithe fiosraithe. Déanann OÉ riar ar an bpróiseas chun ard-dochtúireachtaí a bhronnadh, atá á mhaoirsiú ag coiste a cheapann an Seanad. Sa bhliain 2019, mar thoradh ar athbhreithniú ar an bpróiseas agus na rialacháin rialaithe, ghlac Seanad OÉ le moltaí ón gcoiste a bhí ceaptha leis na rialacháin a chuíchóiriú agus feabhas a chur ar an bpróiseas meastóireachta.

### 2018

An Dr Pádraig Yeates	DLitt
James Ryan	DLitt
An Dr Pui Ying Iroh Tam	DMed
An tOllamh James O'Gara	DSc
An tOllamh J.F. Hilary Humphreys	DSc

### 2019

An tOllamh Noel Gerard McElvaney	DSc
An tOllamh Kevin Cashman	DSc
Sinead McCool	DLitt
An tOllamh Santiago Sia	DLitt
An Dr Philipp Rosemann	DLitt
An tUas. Brendan Moran	DMed
An Dr Mark Healy	DEng
An tOllamh Michael O'Flaherty	LLD

### 2020

An Dr Paul Garrett	DLitt
An Dr Antonio An Tung Chuh	DSc
An tOllamh George Shorten	DSc
An tOllamh Peter McHugh	DSc
An Dr Austin Duffy	DMed
An tOllamh Peter Lawlor	DMed

## Céimeanna Oinigh

Amháil formhór na n-ollscoileanna eile, tá traidisiún seanbhunaithe ag OÉ de chéimeanna oinigh a bhronnadh ar dhaoine a bhfuil cáil eisceachtúil orthu. Den chuid is mó, tugtar aitheantas leis na céimeanna seo ar cháil acadúil; ina theannta sin, tugann an Ollscoil ómós dóibh siúd 'a bhfuil cion suntasach déanta acu don saol poiblí, bíodh sé sin ina gcáil phearsanta nó ina gcáil ionadaíoch, trína bhfuinnimh, seirbhís agus gníomhartha'. Cé gur bronnadh céimeanna oinigh in 2018 agus 2019, ní raibh bronnadh céime ann in 2020, de bharr na srianta COVID-19.



An Dr Jean-Claude Juncker

### Céimeanna Oinigh 2018

<b>Michael Earley</b> DMed	<b>Winnie M. Li</b> LLD
As a chion do shláinte agus folláine leanaí i dtíortha i mbéal forbartha	As a chion do na healaíona agus mar urlabhraí do chearta na mban
<b>Jean-Claude Juncker</b> LLD	<b>Joe Schmidt</b> DArts
Mar aitheantas as a ról ceannaireachta ag am ríthábhachtach don Aontas Eorpach	As a chion do shaol na hÉireann trí rugbaí
<b>Vera Kreilkamp</b> DLitt	
As a chion don Léann Éireannach, an litríocht agus na hamharcealaíona	

### Céimeanna Oinigh 2019

<b>Michael J. Conry</b> DLitt	<b>An Breitheamh Onórach Mary Laffoy, Cathaoirleach Thionól na Saoránach</b> LLD
As a chion eisceachtúil do Bhéaloideas agus oidhreacht na hÉireann	As a chion don saol poiblí agus don fheabhsúchán ar an tsochaí
<b>Ann Cleare, Cumadóir</b> DMus	<b>Abigail O'Brien, Uachtarán, an tAcadamh Ibeirneach Ríoga</b> DFA
As a chion don Cheol	As a chion do na hamharcealaíona
<b>David Donoghue, Iar-Ambasadóir</b> LLD	<b>An tOllamh Bernard O'Donoghue</b> DLitt
As a chion, i measc nithe eile, don chomhaontú i dtaca le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA	As a chion don litríocht, mar file agus mar scoláire araon
<b>Brian Mooney</b> DEd	
An Breitheamh Onórach Mary Laffoy, Cathaoirleach Thionól na Saoránach	



# Gradaim agus Scoláireachtaí

Sprioc lárnach de chuid OÉ i gcónaí is ea cur chun cinn an léinn agus aitheantas agus cothú ar ardchaighdeán acadúil. Tugann an Ollscoil aitheantas, tacaíocht agus aitheantas poiblí do scoláirí ag an leibhéal is airde gnóthachtála ar fud na mball-institiúidí go léir. Cuirtear na gradaim seo ar fáil ar gach leibhéal den staidéar acadúil, ó fhochéimithe go dtí an luacht acadúil sinsearach, ar luach iomlán de bhreis agus €1,000,000 in aghaidh na bliana.

Seo a leanas raon leathan de ghradaim agus duaiseanna OÉ.

Bronnann Seansailéir na hOllscoile, An Dr Muiris Ó Mainnín, na gradaim ar mhic léinn, céimithe agus baill foirne ag searmanas bliantúil. Bhí an searmanas ann i dTeach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath in 2018 agus i Staid Aviva in 2019. Mar thoradh ar shrianta a leagadh síos faoi Covid-19 bhí searmanas na nGradam OÉ ann go fórait den chéad uair in 2020. Is féidir an searmanas a fheiceáil ar ár suíomh gréasáin: [www.nui.ie/news/2020/Awards2020/Ceremony.asp](http://www.nui.ie/news/2020/Awards2020/Ceremony.asp)

Leibhéal Luathghairme agus Iardhochtúireachta	Leibhéal Iarchéime	Leibhéal Céime	Leibhéal Fochéime
Scéim Deontais OÉ don Lucht Acadúil Luathghairme	<b>LEIBHÉAL DOCHTÚIREACHTA</b> Scoláireachtaí Taistil Dochtúireachta OÉ sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta Scoláireachtaí Taistil Dochtúireachta OÉ sna hEolaíochtaí Scoláireacht Taistil OÉ an Dr Peter Sutherland sa Staidéar Eorpach Scoláireacht OÉ Denis Phelan Comhaltacht OÉ E. J. Phelan sa Dlí Idirnáisiúnta Scoláireacht agus Duais OÉ an Dr Mary L Thornton san Oideachas	Scoláireacht Pierce Malone san Fhealsúnacht	Scoláireachtaí agus Duaiseanna Líteartha OÉ an Dr H H Stewart
Comhaltacht Iardhochtúireachta OÉ sna Daonnachtaí		Scoláireacht agus Duais Chiste Theach an Ard-mhéara sa Ghaeilge	Scoláireachtaí agus Duaiseanna Leighis OÉ an Dr H H Stewart
Comhaltacht Iardhochtúireachta OÉ sna hEolaíochtaí		Scoláireacht agus Duais Chiste Theach an Ard-Mhéara i Stair na hÉireann	<b>Duaiseanna Foilseacháin</b>
Comhaltacht Iardhochtúireachta OÉ An Dr Garret FitzGerald sna hEolaíochtaí Sóisialta		Duais Ealaíne agus Deartha OÉ	Duais Taighde Staire na hÉireann
Gradam Scoláire Fulbright-OÉ		Scoláireacht Chumann OÉ Londain	Duais Foilseacháin i Stair na hÉireann
	<b>LEIBHÉAL MÁISTREACHTA</b> Scoláireacht agus Duais OÉ san Oideachas Duaiseanna an Dr T.K. Whitaker sa Ghaeilge	Boinn Rialtas na Fraince agus Duaiseanna OÉ as Ardghradam ar Chéimeanna Déacha Boinn Rialtas na Fraince agus Duaiseanna OÉ as Inniúlacht sa Fhraincis Duais Ambasáid na Spáinne agus OÉ as Inniúlacht sa Spáinnis	Is féidir próifílí fhaighteoirí na ngradam a fheiceáil ar ár suíomh gréasáin: <a href="http://www.nui.ie/awards/ Awards_Alumni_Profiles.asp">www.nui.ie/awards/ Awards_Alumni_Profiles.asp</a>

## Scéim Deontais OÉ don Lucht Acadúil Luathghairme

Mar thoradh ar thástáil phiólótach rathúil in 2018-19 (beagnach 120 iarratas agus 21 deontas a bronnadh), cheadaigh Seanad OÉ scéim deontais leanúnach chun tacú leis an lucht acadúil luathghairme chun scileanna eagraíochta comhdhála agus siompóisiam a fhorbairt agus chun líonraí agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a ghiniúint don taighde sa todhchaí. Tá an scéim deontais ar oscailt don lucht acadúil uile sna disciplíní go léir.

'Deis an-tábhachtach an ea an chomhdháil dom le naisc i mo réimse féin a fhorbairt agus a neartú [...] chuir ar mo chumas foghlaim faoi fhorbairtí nua i mo réimse [...] mó phróifíl féin a thógáil sa phobal acadúil. Táim cinnte go raibh meas ar an eispéireas [...] agus bhí an t-ádh orm léachtóireacht bhuan a fháil i COBÁC.'

An Dr Laura Anderson (Ollamh Cúnta sa Cheoleolaíocht, COBÁC)

'Bhí an-tábhacht le bronnadh an deontais seo orm toisc [...] go gcuireann sé le mo theistiméireacht agus cruthaíonn sé go bhfuil sé de chumas orm maoiniú seachtach a fháil [...] Tríd an gceardlann seo a eagrú [...] cuireadh feabhas suntasach ar mo scileanna bainistíochta agus cumarsáide. [...] Chuir mé isteach ar phost léachtóra, a fuair mé ar deireadh. Leathnaigh sé mo líonra léinn agus an cumas le comhar amach anseo.'

An Dr Fangzhe Qiu (Ollamh Cúnta i Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, COBÁC)



## Topaicí Taighde Maoinithe OÉ 2018-20

Mar a léirítear thíos, tugann OÉ do mhaoiniú thar speictream iomlán na ndisciplíní, lena n-áirítear taighde idirdisciplíneach, trí roinnt scéimeanna iarchéime agus iardhochtúireachta.

Comhartheicníocht  
Graiféine i  
gCealla Gréine

Tástáil Tuaslagtha  
i dTionscail  
Cógaisíochta

Torthúlacht  
Fireann i Mamaigh

Líoganna  
Núiosacha i  
gCaitilís

Nanchumaisc  
MOF

Ailciliú  
Neamshiméadrach  
Orgánachatalaíoch

Neamshiméadrach

Mhaighnéadacha

Meicneatrasduchtú Ceall

## Eolaíochtaí

Meaisínfhoghlaim

Tonnta An Leictriceimic &  
Imtharraingthe Galair Thógálacha

Comharthaíocht Ceall agus an Slabhra Aicile

An Mhatamaitic Fheidhmeach  
agus Sreabhmeicnic

Eitic Ainmhithe  
agus Comhshaoil

An Ceart chun  
Beatha ar Muir

An Fheiniméaneolaíocht  
agus Comhfhios Innill

Hip Hap sa  
Diaspóra  
Cúbach

Stair Dlí  
Impiriúil

Ailtireacht agus  
Tírdhreach Mheiriceá

Stair na Cabhrach Daonnúla  
An tArdoideachas  
agus Leas an Phobail

Gáinneáil  
ar Dhaoine  
san Eoraip

An t-Iartharán san  
Fhicséan Coitianta

Corparáidí i gCoimhlint  
Iosrael/na Palaistíne

Stair Shóisialta na  
hÉireann agus Óige

Soilse Dearga an  
Nua-Aoiseachais Cleachtais Bhithchultúrtha  
agus Inbhuanaitheacht

## Ealaíona, Daonnachtaí & Eolaíochtaí Sóisialta

Polaitíocht na  
'Leochaileachta'  
Insintí na hÉireann i  
Litríocht na hAirgintíne

Polaitíocht Teanga  
agus Scarúnachas

Pobail Sléibhe  
agus an  
Caipitleachas


Dearccháí na nDaoine  
Dúchasacha i Láithreáin  
Oidhreacht Domhanda  
Cheanada

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach [www.nui.ie/awards](http://www.nui.ie/awards),  
seol r-phost chuig [awards@nui.ie](mailto:awards@nui.ie) nó lean OÉ ar Twitter @  
OÉMerrionSq nó ar Facebook @NationalOllscoilofIreland.






C-D: an Dr Ruth Canning, an Dr Ciarán McCabe, an Dr Muiris Ó Mainnín, an tOll Guy Beiner, an Dr Michael Dwyer



## Duais Taighde Stairiúil na hÉireann 2019

Bronnadh Duais Taighde Stairiúil na hÉireann 2019 ar an Ollamh Guy Beiner as *Forgetful Remembrance: Social Forgetting and Vernacular Historiography of a Rebellion in Ulster* (Oxford University Press, 2018). Tá an tOllamh Beiner ina ollamh le nua-stair in Ollscoil Ben-Gurion sa Negev in Iosrael agus b'é Scoláire Burns do 2019-2020 ag Boston College. Rinne sé a PhD i nua-stair na hÉireann in COBÁC áit a raibh sé ina scoláire de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn. Dírionn taighde an Ollaimh Beiner den chuid is mór ar chuimhne agus díchuimhne sa ré déanach nua-aimseartha.



## Léacht Dhuais Taighde Stairiúil na hÉireann 2019

Sa bhliain 2019, lean OÉ den traidisiún nua-bhunaithe de Dhuais Taighde Stairiúil na hÉireann a mharcáil le léacht ón bhfaighteoir. Thug an tOllamh Guy Beiner a léacht, 'Forgetting in the Decade of Commemorations: New Directions for Irish Historical Research,' an 27 Samhain 2019 in oifigí OÉ ag 49 Cearnóg Mhuirfean. Rinne an tOllamh Beiner scrúdú ar choincheap na cuimhne fite fuaite leis an díchuimhne, ag díriú ar an mbunchoincheap de 'dhíchuimhne shóisialta', ag ceistiú tuairimí traidisiúnta de 'chuimhne choiteann', ag tarraingt aird ar na teorainneacha lenar féidir le staraithe a dhéanamh chun cuidiú linn tuiscint a fháil ar an am atá thart agus ag díriú ar chion na ndisciplíní eile, amhail an tsocheolaíocht agus an antraipeolaíocht, do thuiscint níos casta ar idirghníomhaíocht na staire agus na cuimhne.

Thug an tOllamh James Kelly (OCBÁC) freagra.





## Duais Foilseacháin OÉ sa Stair 2019

Bronnadh Duais Foilseacháin OÉ sa Stair 2019 ar an Dr Ruth Canning as a leabhar, *The Old English in Early Modern Ireland: The Palesmen and the Nine Years War, 1594-1603* (Boydell and Brewer, 2019). Scrúdaítear sa leabhas an tionchar sochpholaitiúil ag an gcogadh ar fhoirmiú aitheantais i measc daonra mionlaigh Sean-Shasanach na hÉireann.

### Gradaim Speisialta

An Dr Michael Dwyer  
*Strangling Angel: Diphtheria and Childhood Immunisation in Ireland* (Liverpool University Press, 2018).

An Dr Ciarán McCabe  
*Begging, Charity and Religion in Pre-Famine Ireland* (Liverpool University Press, 2018).



# Seanad Éireann

## Toghchán Sheanad Éireann 2020

Ba chúinsí iad nár tharla riamh roimhe sin iad na cúinsí a bhain le heagrú an toghcháin seo mar thoradh ar an ráig Covid-19 agus na srianta rialtais a bhain leis. Cé gur thosaigh ag ullmhú don toghchán i mí Eanáir, ní bhfuarthas dearbhú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil gur chóir dó leanúint ar aghaidh go dtí Dé Sathairn 28 Márta 2020.

Ag céim dhéanach, i ndiaidh plé leis an Roinn, cheap an Seanad an Cláraitheoir mar Cheann Comhairimh toisc, mar thoradh ar shrianta rialtais, nach raibh an Seansailéir ábalta a bheith i láthair sa Halla.

Bhí an comhaireamh an an 31 Márta agus an 1 Aibreán 2020 le líon an-laghdaithe de bhaill foirne i gcomparáid le comhairimh roimhe. Rinneadh na himeachtaí go léir a shruthú beo ar shuíomh gréasáin OÉ a chuir ar chumas daoine na himeachtaí a fheiceáil ó chian. Moladh d'iarthóirí agus gníomhairí toghcháin gan bheith i láthair agus d'fhan a bhformhór ar shiúl. Coinníodh cumarsáid leanúnach ar siúl leis an hiarrthóirí. Bhí meáin shóisialta OÉ úsáideach chun nuashonruithe ar an gcomhaireamh a chraoladh i bhfíor-am.

Bhí mórtas ar OÉ a ról bunreachtúil a chur i bhfeidhm agus toghchán Sheanad Éireann a riar, ag leanúint de thraidisiún d'ionadaíocht na hOllscoile, nár briseadh, a bhí ann sular bunaíodh an Stát. I ndiaidh na ballóide poist, cuireadh an comhaireamh toghcháin i dtoghcheantar OÉ go luath in Aibreán 2020 nuair a toghadh na seanadóirí seo a leanas go cúil le Seanad Éireann:



An Seanadóir Rónán Mullen



An Seanadóir Michael McDowell



An Seanadóir Alice-Mary Higgins

## OÉ agus Seanad Éireann

De réir an bhunreachtá tá iallach ar OÉ clár toghthóirí Sheanad Éireann OÉ a choinneáil, a fhoilsítear an 1 Meitheamh gach bliain agus ar a bhfuil ainm, seoladh agus sonraí cáilíochtaí na gcéimithe go léir atá cláraithe faoin 26 Feabhra sa bhliain ar leith sin.

Is sa reachtaíocht náisiúnta, Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937, (arna leasú), a chinntear na spriodhataí do chlárúchán toghthóirí agus d'fhoilsiú an chlár bhliantúil.

Tá gach duine atá ina s(h)aoaránach de chuid na hÉireann agus a fuair céim (seachas céim oinigh) ó Ollscoil na hÉireann i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir ar chlár toghthóirí OÉ.

Ní mór do chéimithe OÉ clárú aon uair amháin chun a gcead vótála a éileamh. Ina dhiaidh sin, tá sé tábhachtach go gcuirfidh siad OÉ ar an eolas má athraíonn said an seoladh ar a bhfuil ag iarraidh a mballóid poist a fháil, aimsir an toghcháin.

## Ról Sibhialta Tábhachtach

Cion tábhachtach don tsochaí shibhialta is ea ról OÉ sa chothabháil ar chlár Sheanad Éireann agus in eagrú na dtoghcháin. Is é an toghchán chun suíocháin na n-ollscoileanna (OÉ agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) i Seanad Éireann a líonadh an t-aon toghchán náisiúnta inar féidir diaspora na hÉireann a vótaí a chaitheamh.

## An ceart vótála a chur chun cinn

Oibríonn OÉ gach bliain i ndlúthchomhar leis na hoifigí bronnta céime agus leis na hoifigí caidrimh céimithe sna ball-ollscoileanna agus coláistí, chun an 'ceart le vóta an tSeanaid a éileamh' a chur chun cinn i measc céimithe.

## Na hUimhreacha

Sa bhliain 2018, cuireadh 2,107 céimí leis an gclár, baineadh 61 ainm (rud a iarradh, daoine a fuair bás, taifead dúbailte) agus rinneadh breis agus 9,000 taifead a nuashonrú. Bhí 108,251 toghthóir ar Chlár 2018. Sa bhliain 2019, cuireadh 4,077 toghthóir leis an gClár agus baineadh 112 de chun líon iomlán na dtoghthóirí cláraithe a thabhairt go dtí 112,216. Le linn na paidéime, níor cuireadh ach 1,543 toghthóir leis an gclár ach rinneadh breis agus 8,000 taifead a nuashonrú. Baineadh 3,603 ainm, rud a d'fhág go raibh líon iomlán na gcéimithe ar Chlár Sheanad Éireann 2020 ag 110,156.

Faigh tuilleadh eolais ar [www.nui.ie/elections/seanad-register.asp](http://www.nui.ie/elections/seanad-register.asp).

# ÓCÁIDÍ OÉ




A Thiarna John Alderdice

An tOll Liam Mac Mathúna



Cúl: an Dr Emer Purcell, an Dr Attracta Ní Ailpín, an tUas John Sheehan, an Dr Ragnhail Ó Floinn, an tUas Kenneth Milne, an tOll Alf Tore Hommedal, an tOll Howard Clarke, an tUas Owen Kegan, an Dr Ruth Johnson / Tosaigh: an Dr Muiris Ó Mainnín, an Dr Irene Baug, A Soilse Else Berit Eikeland, Ard-Mhéara Nial Ring, Liv Helga Dommanses

## Léacht de hÍde



Sa bhliain 2018, thug Micheál D. Ó hUigín, Uachtarán na hÉireann, an chéad Léacht de hÍde OÉ, a eagraíodh ag OÉ i gcomhpháirt le Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis i COBÁC agus COBÁC, an 24 Meán Fómhair 2018 i COBÁC. Foilsíodh an léacht seo in 2019.

Thug an tOllamh Liam Mac Mathúna an dara léacht, 'Douglas Hyde's American Tour, 1905-1906,' an 1 Deireadh Fómhair 2019 i COBÁC. D'aibhsigh an tOllamh Mac Mathúna an rath a bhí ar chamchuairt Dhubhghlas de hÍde ar Mheiriceá, a d'fhéach le feacht a mhéadú sna Stáit Aontaithe i dtaca le hathbheochain na teanga, airgead a dhéanamh do Chonradh na Gaeilge ach freisin le dul i gcion ar chaidreamh phobal na nGael-Mheiriceánach le hÉirinn mar 'go hídéalach, bhog sé an náisiúnachas cultúrtha go croílár na smaointeoireachta polaitiúla Gael-Mheiriceánaí, ar feadh tamaill ar aon chaoi'. Thug an tOllamh Regina Uí Chollatáin (COBÁC) freagra.

Is féidir an léacht a fheiceáil ar ár suíomh gréasáin: [www.nui.ie/news/2019/HydeLecture/postevent.asp](http://www.nui.ie/news/2019/HydeLecture/postevent.asp)



Cárta poist le hÁirse Cloiche ó Dhubhghlas de hÍde, le caoinchead ó Leabharlann Aidan Heavey

## Léacht Cuimhneacháin an Dr Garret FitzGerald

Mar chuimhneachán ar an iar-Seansailéir, bhunaigh OÉ Léachtaí Cuimhneacháin an Dr Garret FitzGerald, sraith de léachtaí ag cainteoirí gradamúla ar thopaic a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo.

Thug an Tiarna John Alderdice (an Cenn Comhairle i dTionól Thuaisceart Éireann 1998-2004) an séú léacht sa tsraith, 'Brexit and the Belfast Agreement: mitigating the return to disturbance in our historic relationships' i Halla an Choláiste, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn i nDeireadh Fómhair 2018. Thug an Seanadóir Michael McDowell an freagra.

Cuireadh Léacht Cuimhneacháin an Dr Garret FitzGerald do 2020 ar athló agus ansin rinneadh é a athchumrú do ré COVID, mar ócáid ar líne in Eanáir 2021.

## OÉ agus Féile Staire Bhaile Átha Cliath

Téann OÉ i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus institiúidí Chríoch Lochlann chun léachtaí, seimineáir agus siompóisiam a chur i láthair mar cheiliúradh ar stair Lochlannach Bhaile Átha Cliath agus nasc le pobail stairiúla Lochlannacha i dTuaisceart na hEorpa.

Sa bhliain 2018, chuaigh OÉ, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Ambasáid Ríoga na hIorua agus Ollscoil Bergen i gcomhar lena chéile chun dhá ócáid a eagrú i dtaca le stair chomhroinnte na Lochlannach agus na hÉireann. I siompóisiam, *Our Friends from the North? Irish and Norse in the Viking Age*, an 4 Deireadh Fómhair 2018 léachtaí iomlánacha ón Ollamh Alf Tore Hommedal (Músaem Ollscoile Bergen) agus an Dr Ragnhail Ó Floinn (iar-Stiúrthóir ar Ard-Mhúsaem na

hÉireann) agus ionchur ó Irene Baug (Ollscoil Bergen), John Sheehan (Coláiste na hOllscoile Corcaigh), Linzi Simpson (Seandálaí) agus Catherine Swift (Coláiste Mhuire gan Smál). Thug an tOllamh Jan Erik Rekdal (Ollscoil Oslo) léacht 'The Legend of St Sunniva and its representation of Christianization of Norway' i dTeach an Ard-Mhéara an 5 Deireadh Fómhair 2018.

Sa bhliain 2019, chuaigh OÉ, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Dublinia agus Ambasáid Ríoga na hIorua i gcomhar lena chéile ar dhá ócáid i gcomhar le Cairde Bhaile Átha Cliath na Meánaoise in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Thug an Dr Tom Birkett (ACOC) léacht, 'Stories for Our Times? Retelling the Norse Myths,' in Acadamh Ríoga na hÉireann an 11 Deireadh Fómhair 2019. An 12 Deireadh Fómhair 2019, sa siompóisiam *The Viking Age: Dynasties, Digs and Discoveries* phléigh scoláirí as Éirinn, an Bhreatain agus Críoch Lochlann tochailt le déanaí agus fríotha seandálaíochta suntasacha ag Ionad Ché Adhmaid, Oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. I measc na gcainteoirí bhí Clare Downham (Ollscoil Learphoil), Elna Siv Kristoffersen (Ollscoil Stavanger), Unn Pedersen (Ollscoil Oslo), Anna Helena Petersén (Institiúid na hIorua don Taighde Cultúrtha) agus Håkon Reiersen (Ollscoil Stavanger).

Sa bhliain 2020, thug an tOllamh Søren M Sindbæk (Ollscoil Aarhus, an Danmhairg) léacht ar líne, 'The beginning of Viking Age towns: new excavations in Ribe, Denmark' don tríú comhoibriú idir Ollscoil na hÉireann agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath d'Fhéile Staire Bhaile Átha Cliath. Phléigh an tOllamh Sindbæk na fríotha ón tochailt ag Ribe sa Danmhairg, an chéad bhaile a bhí ann sa Chríoch Lochlann ag tús ré na Lochlannach.



C-D: an Dr Muiris Ó Mainnín, an tOll Simon Marginson, an Dr Attracta Ní Ailpín, an tOll Aidan Mulkeen



C-D: an tOll Michael Brophy, an tOll Pat O'Shea, an Dr Attracta Ní Ailpín, an tOll Celeste Kinginger agus an tOll Mary Gallagher



An tOll Peter Maassen

## OÉ Oideachas agus an tSochaí

### Sraith Oideachais agus Sochaí OÉ

Tacaíonn fochoiste an tSeanaid ar Oideachas agus Sochaí leis an Ollscoil chun a ról a fhorbairt sa rannpháirtíocht shibhialta agus chun a sprioc straitéiseach a bhaint amach le hardoideachas na hÉireann a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear. Déanann sé é seo go háirithe trí phlé agus díospóireacht a chur chun cinn i dtaca le ról leathan na n-ollscoileanna sa 21ú hAois. Bhí ceithre imeacht sa tsraith seo le linn 2018-2020.

